Eagrán : Nollaig 2023

Gaelscoil Thaobh na Coille

12/12/2023

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

**Tá'n Nollaig buaillte linn, tá áthas in san aer!**




## R2A ar TG4 - Bígí ag Ceol

Bhí R2A ar bís an tseachtain seo mar go raibh an clár teilifíse 'Bígí ag Ceol' a taifeadadh sa scoil anuraidh agus iad i R1 ar an teilifís don chéad uair ar an Mháirt 05/12/2023. Bhaineamar ar fad an-taitneamh go deo as iad a fheiceail ar an teilifís agus munar éirigh leat é a fheiscint is féidir féachaint ar ar TG4 player uair ar bith ach Bígí ag Ceol S2 E4 a chur isteach sa bhrabhsálaí. Beidh an clár a taifeadadh le R2B ar siúl ar an Mháirt 26/12/2023 ag 10:00. Tá an tsraith iomlán á chraoladh ar an gCainéal Nua CÚLA4 ag a 10am faoi láthair.

*R2A were so excited the week before last as the television series **Bígí ag Ceol** that was recorded in school last year when they were in R1 was broadcast for the first time on Tuesday 05/12/23 . We all thoroughly enjoyed the show and if you didn't get a chance to see it you can watch it on the TG4 Player any time by putting Bígí ag Ceol S2 E4 into the browser. The programme featuring R2B will be broadcast on Tuesday 26/12/2023 at 10:00. The entire series can be seen on CÚLA4 player.*
*I hope you enjoy it!*

## Bronntanas Rúnda

Buíochas ollmhór le Cumann na dTuismitheoirí a d'eagraigh siopa na mBronntanas Rúnda do na páistí ar an Aoine. Bhí sé go hálainn na tuismitheoirí ar fad a fheiceáil ag cabhrú ar an lá agus ag déanamh an-iarracht pé Gaeilge a bhí acu a labhairt leis na daltaí agus iad istigh sa halla - maith sibh. Bhí na páistí ar bís agus iad an-sásta go deo ag dul abhaile leis na féiríní deasa dá dtuismitheoirí. Tá súil agam nach bhfuil inste acu daoibh cad a bheidh á fháil agaibh ar lá Nollaig!

*A huge thank you to Cumann na dTuismitheoirí who organised 'Siopa na mBronntanas Rúnda' for the children on Friday. It was lovely to see all the parents helping out on the day and trying very hard to speak whatever Irish they had with the pupils while they were in the hall - maith sibh! The children were excited and very happy going home with the nice treats for their parents. I hope they haven't told you what you'll be getting on Christmas Day !*



*Tuismitheoirí na Scoile ag obair go crua!*



*Ag Siopadóireacht i Siopa na mBronntanais Rúnda*

## Mí na Nollag : Spraoiúil, Spleodrach

Tá mí spraoiúil, spleodrach á chur isteach againn i nGaelscoil Thaobh na Coille agus muid ar fad ag súil le saoire na Nollag! Mí fíor-ghnóthach í seo agus imeachtaí go leoir ar siúl ag na páistí.

## Crannchur na dTicéad Órga

Buíochas leis na daoine ar fad a chuir bronntanais ar fáil do shiopa na mBronntanas Rúnda. Bhí sibh an-fhlathúil go deo. Déanfar an tarraingt do chrannchur na dticéad órga an tseachtain seo chugainn & ní gá a rá ach go bhfuil na páistí ar bís faoi!

## Féile na Nollag

Leanfar de bheith ag ceiliúradh an Nollaig an tseachtain seo le 3 sheó Nollaig:

1. Féile na Nollag N1 & N2 Déardaoin 14/12/23 12.30pm
2. Féile na Nollag R1 & R2 Aoine 15/12/23 1pm
3. Féile na Nollag R3, R4, R5 & R6 Luan 18/12/2023 7pm

Beidh deis ag na páistí na Féilte éagsúla ar fad a fheiceáil roimh ré agus mar go mbeimíd gann ar spás sa halla ní cheadófar do pháistí/siblíní i ranganna éagsúla freastal ar na seónanna atá luaite thuas.

## Féilire Aidbhinte

Tá Crann Nollaig mór crochta ar an mballa i aice le hoifig an Phríomhoide - féilire mór aidbhinte atá lán le bronntanais. Pioctar ainm ceathrar dalta amach as an 'hata' gach lá i rith na haidbhinte agus glaonn an Múinteoir Nic Chonchradha na hainmneacha amach ar an gcóras cumarsáide scoile. Bíonn na páistí ar fad ar bís le cloisteáil an dtarraingeofar a n-ainm féin nó ainm páiste eile ina rang amach. Is minic a chuireann páistí i gcuimhne don Phríomhoide gan dearmad a dhéanamh ar an tarraingt!



*Siopa na mBronntanas Rúnda - Dalta R5A ag siopadóireacht le daltaí ó N2A*

## December : Fun Filled & Exciting

*We are having a fun filled, exciting December in school and we are all looking forward to the Christmas holidays! We are having a really busy month with lots of events for the children.*

## Golden Ticket Raffle

*Thanks to all those who donated gifts to the Secret Gift shop. You were extremely generous. The golden ticket's raffle will be held next week and needless to say the children are excited and eagerly awaiting the draw!*

## Féile na Nollag

*We will continue our Christmas celebrations with 3 Christmas Concerts:*

1. *Féile na Nollag N1 & N2 Thursday 14/12/23 12.30pm*
2. *Féile na Nollag R1 & R2 Friday 15/12/23 1pm*
3. *Féile na Nollag R3, R4, R5 & R6 Monday 18/12/23 7pm*

*The children will have the opportunity to see all 3 concerts in advance and as we will be short of space in the hall children/siblings in classes who are not performing in a given show other classes will not be allowed to attend.*

## Advent Calendar

*A large Santa/Christmas Tree advent calendar full of presents hangs on the wall outside the Principal's office. The names of four pupils are picked out of the 'hat' every day during Advent and an Múinteoir Nic Chonchradha calls out the names on the school intercommunications system. All the children are excited to hear if their own name or the name of another child in their class is pulled out. An Múinteoir Nic Chonchradha is reminded quite often during the day not to forget to make the draw!*



*Siopa na mBronntanas Rúnda - R2A Sona Sásta!*

**SCOIL ag ATHOSCAILT do Théarma an EARRAIGH**

**LUAN 08/01/2023**



**SCHOOL RE-OPENING for SPRING TERM**

**MONDAY 08/01/2023**

## Bord Bainistíochta Nua

Is cúis mhór áthais dúinn a chur in iúl duit go bhfuil Bord Bainistíochta nua ag feidhmiú i nGaelscoil Thaobh na Coille ón Luan 04 Nollaig 2023. Tá meascán maith ó thaobh taithí de ag baill an Bhoird agus táimíd ag súil go mór le fás agus forbairt éifeachtach na scoile a stiúradh sa téarma atá romhainn.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le baill an tsean-bhoird as ucht na h-oibre a rinne siad sa téarma bainistíochta ó Nollaig 2019 go Samhain 2023. Is liosta le háireamh an méid atá déanta acu ar son na scoile agus tá an-chreidiúint ag dul dóibh as ucht a ndíograis, a ndúthracht agus a mbuanseasmhacht. Gabhaimíd buíochas le Emma Uí Lionáin, Máire Mhic Gabhann agus Joe Ó Glacáin as a gcuid oibre ar an mBord le téarma anuas agus buíochas speisialta le Ailín Ní Dhomhnaill agus Sharon Ní Cheallaigh a chaith dhá théarma agus a bhreis ar an mBord.

Táimid thar a bheith sásta le comhdhéanamh an Bhoird nua agus creidimíd go mbeidh sé ar chumas na baill sár-chúram a dhéanamh d'fhás agus d'fhorbairt na scoile.

## New Board of Management

*I am delighted to inform you that the new Board of Management is up and running as of Monday 04th December. The Board has a good balance of skill and experience among its' members and we intend to continue to steer the development of our school to the best of our abilities.*

*I would like to take this opportunity to thank the members of our outgoing Board for all that they have done for the school during their term in office (December 2019 – 2023). It has been no mean task and great credit is due to each and every one of them for their hard work, diligence, and perseverance over the last four years. I would like to thank Emma Uí Lionáin, Máire Mhic Gabhann and Joe Ó Glacáin for the work they have done over the last term of office and would like to especially thank Ailín Ní Dhomhnaill and Sharon Ní Cheallaigh who have completed 2 + terms on our Board.*

*We have an excellent team on our Board of Management and I know that its' members will continue to work to the best of their abilities for the good of our school and its' children.*



## Bord Bainistíochta 2023 - 2027

| | | |
|---|---|---|
| Ionadaithe an Phatrúin | *Patrons'Representatives* | Máire Mac Gabhann & Turlach Ó Meachair |
| Ionadaithe na dTuistí | *Parents' Representatives* | Yvonne Mercer & Kevin de Barra |
| Ionadaithe an Phobail | *Community Representatives* | Fióna Ní Chléirigh & Daithí Mac Roibeáird |
| Ionadaí na Múinteoirí | *Teachers' Representatives* | Maoilíosa Ó Dubhthaigh |
| Príomhoide | *Principal* | Emer Nic Conchradha |



## Nollaig Shona

Tá atmaisféar álainn sona le brath thart timpeall na scoile ó thús na bliana agus go speisialta le cúpla seachtain anuas agus na páistí ag tnúth go mór leis an Nollaig. Ba mhaith liom thar cheann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille Nollaig mhór mhaith, sona, sábháilte & sláintiúil agus athbhliain faoi mhaise, a ghuí ar fhoireann, ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí uile na scoile.

*There is a very joyful and happy atmosphere around the school since the beginning of the school year and especially over the last few weeks as the children get really excited about Christmas. On behalf of the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille I would like to wish a very happy and healthy Christmas and new year to all the staff, parents and pupils of the school.*

Go mbeirimíd beo ar an am seo arís!

## Graffiti Classics



Bhí gleo agus spraoi i halla na scoile nuair a tháinig Graffiti Classics chun na scoile ag seinm do na páistí. Sheinn an grúpa dhá cheolchoim agus bhí atmaisféar spleodrach sa scoil! Is grúpa ar leith iad faoi stiúr Cathal Ó Dúill (dearthair leis an Múinteoir Ní Dhúill) agus thugadar dhá thaispeántas den scoth a choinnigh na páistí gafa ó thús deiridh. Sheinn siad píosaí ceoil chlasaiceach a bhí go hálainn ar fad araon le hamhráin ar bhealach a bhí taitneamhach agus fuinniúil. I measc na gceoltóirí, bhí ceathrar ceoltóir d'ardchumas a bhí ag seinm an viola, veidhlín agus dordveidhil. Ghlac na múinteoirí agus na páistí ar fad páirt sna himeachtaí agus táimid ag súil go mór le fáilte a chur rompu chun na scoile arís.



*There was great excitement in the halla when Graffiti Classics came and performed for the children in November. The group gave two concerts and the atmosphere was electric! The group under the leadership of Cathal Ó Dúill (brother of Múinteoir Ní Dhúill) performed two amazing concerts that kept all the children completely engaged. The group performed beautiful pieces of classical music along with songs and certainly delivered their performance in a fun and exciting way. The group consisted of four unbelievably talented musicians that played the viola, violin and double base. All the children and teachers got involved and we look forward to welcoming the group back to the school again.*

## An Grúpa Ceoil

Tá an grúpa ceoil faoi lán seol i mbliana agus tá breis is 80 páiste sa ghrúpa go dtí seo. Tá réimse leathan d'uirlisí againn sa ghrúpa - idir veidhlíní, feadóga móra, boscaí ceoil, píobaí uilleann, giotáir agus feadóga stáin. Buaileann na ceoltóirí le chéile gach Céadaoin i halla na scoile agus tá a lán foinn foghlamtha ag na páistí go dtí seo. Tá roinnt foinn Nollag acu anois chomh maith ionas go mbeidh siad ullamh le seinnt don chóisir ar lá Nollag! Buíochas mór leis na múinteoirí ar fad a chuidíonn leis na páistí a stiúradh.

*The school's Grúpa Cheoil is underway this year with almost 80 musicians in the group so far. We have a wide range of instruments including fiddles, flutes, accordions, the uilleann pipes, guitars and tin-whistles. The musicians meet every Wednesday in the halla and they have learnt a lot of tunes so far including some Christmas carols, just in time for their 'party piece' on Christmas day! We would like to thank all the teachers involved who help and guide the children in the Grúpa Ceoil.*



*Ardmholadh*
*do na daltaí & na múinteoirí*
*a ghlacann páirt sa ghrúpa ceoil*
*ag am lóin*
*gach Céadaoin*

## Seachtain na hEolaíochta **12-19 Samhain**





Ní raibh sé riamh chomh tábhachtach is atá sé sa lá atá inniu an tuiscint agus feasacht ardaithe a bheith againn ar na hidirnaisc idir dhaoine agus an plainéad. Bhí sé mar aidhm ag Seachtain na hEolaíochta deis a thabhairt do dhaltaí na scoile plé agus iniúchadh a dhéanamh ar na féidireachtaí a bhaineann leis an eolaíocht. Mar chuid de seo, bhí deis ag daltaí turgnaimh a dhéanamh sna ranganna i rith na seachtaine.

Mar chuid d'obair bhaile meán & ardranganna na scoile le linn Seachtain na hEolaíochta, d'fhéach na daltaí ar an gclár teilifíse '10 Things to Know About' - craolaithe ag RTÉ - ar an tionchar dearfach atá ag crainn ó thaobh na haeráide de.

Ghlac daltaí R3-R6 páirt i gCóisir Eolaíochta 'Curious Minds' ar líne ar an Déardaoin. Trialacha eolaíochta agus cluichí idirghníomhacha a bhí i gceist ann. Bhí breis is 150 scoil páirteach ann.

Chríochnaigh imeachtaí na seachtaine le taispeántas eolaíochta a chuir daltaí R4 – R6 ar siúl i halla na scoile do dhaltaí uile na scoile. D'éirigh le daltaí R4A & R4B a réimse leathan thurgnaimh a léiriú. Dhírigh na hardranganna ar an teicneolaíocht. Léirigh daltaí R5A Lego WeDo; R5B na Beebots agus Skribots; R6A Lego Spike agus R6B na Makey Makeys. Thug páistí na scoile cuairt ar an halla ar an lá & bhaineadar an-sult go deo as.

## Science Week **12th - 19th November**

*It was never as important as it is today to understand and create awareness on the interconnections between people and the planet. It was an aim of Science Week to encourage children to discuss and examine the possibilities provided by science. To this end, the children were exposed to many experiments in the classroom throughout the week.*

*As part of the homework given to pupils of Rang 3 – Rang a 6, the children were asked to look at '10 Things to Know About' - which was broadcast by RTÉ - on the topic of how trees positively impact on our environment and climate.*

*Rang a 3-6 registered for the Curious Minds online Science Party on Thursday 16th. It comprised of interactive games and experiments and over 150 schools nationwide participated.*

*Science Week culminated in an exhibition to the whole school by pupils from Rang 4- 6. Children from Rang a 4A and Rang a B demonstrated an array of experiments that captured the imagination of those in attendance. The senior classes focussed on technology. Rang 5A exhibited Lego We Do, Rang 5B Beebots and Skribots, Rang 6A Lego Spike and R6B Makey Makeys. The school hall was a hive of activity and all in attendance thoroughly enjoyed the occasion.*







## N1A Múinteoir Lauryn Bhreathnach

Tá N1A ag cleachtadh do sheó na Nollag faoi láthair. Táimid a lán ealaíne á dhéanamh againn chomh maith. Táimid ag déanamh dráma bunaithe ar scéal na trí muincíní.

*N1A are practicing a lot for their Christmas show this week. We are also making lots of Christmas Art! We are also doing a drama based on the story of The Three Little Pigs.*



## N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh

Tá Naíonáin 1B ag foghlaim faoin difríocht atá idir fuaimeanna arda agus ísle agus rithim sa cheol. Táimid i ndiaidh cuairt a thabhairt ar an gCrann Darach sa chlós agus na hathruithe atá tagtha air le linn an gheimhridh a inniúchadh.

*N1B are learning about rhythm and high & low notes in music. We visited the oak tree in the grounds of our school to see and discuss how it has changed since we last visited it.*



## N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Tá a lán oibre ar siúl ag N2A agus táimid an-gafa ag ullmhú do Sheó na Nollag faoi láthair. Tá na páistí ar bís! Tá Draoidín Draoíchta 'Réaltóg' sa rang agus bogann sé ó áit go háit ag faire agus ag éisteacht leis na páistí sa rang.

Tá béirín ranga againn agus tá sé tar éis dul abhaile len a lán páistí agus tá grianghraif álainn curtha suas ar Seomra Ranga Google. Bhí Béirín ag tiomáint nuair a bhí sé le Luke, chuaigh sé go Center Parcs le Ali agus bhí sé ag bácáil le Éile & Laoibhse. Bhí an-spórt againn le Oscar nuair nár ghléas sé i gceart. Chuir sé bríste ar a chloigeann, a léine droim ar ais, chuir sé gheansaí ar a chosa agus scairf ar lámh amháin. Nach é a bhí go deas!






*Rang N2A are doing lots of work and preparing for Seó na Nollag. They are very excited. We have an elf 'Réaltóg' in the class who moves around the room listening and watching the children to report back to Daidí na Nollag.*


*We also have a class bear who has gone home with a number of children and some lovely photographs have been shared on Google Classroom. Our class bear was driving a car with Luke, he went to Center Parcs for a weekend with Ali and did some baking with Éile and Laoibhse. We had a lot of fun when Oscar didn't dress properly in class. He put trousers on his head, his shirt backwards,* he put a jumper on his legs and a scarf on one arm!



## N2B Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn


Tá cuairteoir againn i N2B - tháinig Jingles an Draoidín ón Mol Thuaidh ar an gcéad lá de Mí na Nollag! Téann ár gcoinín ranga abhaile le triúr páistí chuile seachtain agus táimid ag baint an-taitneamh as a bheith ag labhairt & ag scríobh faoi na heachtraí go léir a bhíonn aici.

Táimid tar éis tosú ar saorscríbhneoireacht a dhéanamh inár gcóipleabhair speisialta agus tá na páistí ag baint úsáid as na fónaice, an foclóir agus na taispeántais ranga chun a n-abairtí iontacha féin a scríobh!




*We have a visitor in N2B - Jingles the Elf arrived from the North Pole on the 1st December! Our class teddy rabbit goes home with three children every week and we are really enjoying talking and writing about her adventures.*

*We have started doing free writing in our special copybooks and the children are using their phonics, the picture dictionary & our wall displays to write their own sentences!*






## R1A Múinteoir Emma de Róiste

Tá an Nollaig faoi lán seoil i R1A - táimid ag foghlaim faoin Aidbhint, faoi thréithe an Gheimhridh agus conas a dhéantar céiliúradh ar an Nollaig ar fud an domhain - agus ag cleachtadh don seó dar ndóigh!

*Christmas is well underway in R1A – we are learning about Advent, the characteristics of Winter and how Christmas is celebrated all over the world – and of course rehearsing for the show!*




## R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

Tá Rang a 1B ag obair go dian ag foghlaim faoi cúrsaí Nollaig. Gach seachtain, lasann siad coinneal ar an bhFleasc Aidbhinte. Táimid ag foghlaim faoi spideoga comh maith. Féach ar na Spideoga álainn a chruthaigh siad!

*R1B are working hard to learn all about Christmas. Every week, we light a candle on the Advent Wreath. They are also learning about Robins. Look at the beautiful Robins they created!*






## R2A Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Bhí R2A ag obair go diail ar struchtúr abairte i nGaeilge le déanaí agus chruthaíodar calóga sneachta iontacha do Sheó na Nollag.

*R2A have been doing brilliant work on sentence structure in Irish and recently made wonderful snowflakes for the Christmas concerts.*









## R2B Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

Bhí R2B ag obair go dian i rith na seachtaine ag déanamh hataí geimhridh as olann agus cairtchláir. Bhaineadar an-taitneamh agus tairbhe as scil nua a fhoghlaim! (D'éirigh le Conall bocht fiú é a dhéanamh agus gan aige ach lámh amháin faoi láthair!)

*R2B were working hard this week making winter hats out of wool and cardboard. They really enjoyed this craft and benefited greatly from learning a new skill! Even poor Conall managed it with only one working arm!*





## R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte

Le linn Seachtain na hEolaíochta, rinneamar tuirní a thaispeánann conas solas bán a dhéanamh trí dhathanna an bhogha cheatha a chur le chéile. Bhí na Gealáin Thuaidh le feiceáil in Éirinn le déanaí. Chruthaíomar íomhánna dóibh le pastail. Sa Mhata, d'fhoghlaim muid faoi chruthanna 3T. Agus Séasúr na hAibhinte faoi lán seoil, táimid ag baint sult as ealaín agus ceol na Nollag.



*During Science Week, we made spinners to demonstrate how white light is a combination of different colours. The Northern Lights were visible in parts of Ireland recently. We created images using pastel chalks. We learned about 3D figures in Maths. With the season of Advent upon us we are enjoying the preparation for Christmas through art and music.*









## R3B Múinteoir Ciara Ní Bháille

Bhain Rang 3B an-taitneamh as maisiúcháin a chruthú don crann Nollaig ranga.

*Rang 3B thoroughly enjoyed creating decorations for our class Christmas tree.*





## R4A Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

Thosaigh Rang a 4B ar ealaín na Nollag an tseachtain seo. Bhí siad i mbun obair láimhe le cré. Tá siad le péinteáil an tseachtain seo chugainn agus crochfar iad ar na gcrainn Nollag amach anseo. Tá an-iarracht á dhéanamh acu maidir le labhairt na Gaeilge le déanaí freisin.



*Rang a 4 have started on their Christmas themed art this week. They were creating decorations from clay. They will paint them next week and hang them on their Christmas trees after that. The class are making a great effort at improving their spoken Irish lately.*




## R4B Múinteoirí Máirín Ní Dhubhthaigh & Máire Mhic Gabhann

Bhain Rang 4B an-taitneamh as a bheith ag déanamh tionscnaimh ar 'Theagmháil' agus ar 'Fhéastaí agus Féilte an Domhain'. Bhíodar ag foghlaim conas an t-eolas a bhailiú agus a leagann amach go néata. Tá siad ar bís faoin Nollaig agus ag foghlaim faoin Aidbhint – ag ullmhú do theacht ár Slánaitheoir Íosa Críost.




*R4B really enjoyed doing initiatives on 'Encounter' and 'Feasts and Festivals of the World'. They were learning how to collect the information and lay it out neatly. They are excited about Christmas and learning about Advent - preparing for the coming of our Saviour Jesus Christ.*




**Nollaig Shona & Athbhliain faoi Mhaise!**

## R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock

Bhí R5A gnóthach an téarma seo agus mar chuid don churaclam tíreolaíochta bhíomar ag foghlaim faoin Iodáil. Rinneamar staidéar ar an ealaíontóir Leonardo Di Vinci agus chruthaigh na páistí a Mona Lisa féin. D'éist na páistí leis an bpíosa ceol an 'Fear Sneachta' le Raymond Briggs agus tharraing siad a fear sneachta féin bunaithe ar an bpíosa ceoil.





*R5A were certainly busy this term. As part of the Geography curriculum we learnt about Italy & studied the artist Leonardo Di Vinci. The children really enjoyed creating their own take on the famous painting the 'Mona Lisa'. We also listened to the 'Snowman' by Raymond Briggs and the children drew their own snowman in response to this beautiful piece of music.*

## R5B Múinteoir Bróna Ní Bhaoill

Tá rang a 5B ar bís faoin Nollaig. Rinneamar féilire Adhbhinte agus táimid ag baint an-taitneamh as an bhféilire a oscailt gach lá. Táimid ag tnúth le dul ag siopadóireacht sa halla ar an Aoine don bhronntanas rúnda. Táimid gnóthach ag ullmhú do Cheiliúradh na Nollag ar an 22 Nollaig. Mhaisíomar ár gcrann Nollag ranga an tseachtain seo. Chuir Jaden an Réalt ar bharr.



*Rang a 5B are very excited for Christmas. We made a classroom Advent calendar and we are enjoying opening one window every day. We can't wait to go shopping in the hall on Friday for 'Bronntanas Rúnda'. We are busy preparing for our Christmas Celebration on the 22$^{nd}$ of December. We decorated our Christmas tree this week. Jaden put the star on the top of the tree.*



## R6A Múinteoir Sarah Ní Fhallamháin

Le cúpla seachtain anuas bhíomar ag foghlaim faoin Iodáil. D'fhoghlaíomar faoin gColasaem, An Túr Pisa, Véinéis, Pompeii agus Sliabh Etna. Rinneamar ár mbolcán 3T féin as páipéar maché. Bhaineamar an-taitneamh as!



Bhíomar ag ag déanamh roinnt tástálacha sa rang Eolaíochta an tseachtain seo chun fiosrú a dhéanamh ar substaint agus an PH atá acu. D'fhoghlaimíomar faoi cad a tharlaíonn nuair a mheasctar aigéad le bun. Bíonn imoibriú ceimiceach ann agus scaoiltear gás! Líonamar balún le gás ag baint úsáide as finéagar agus sóid aráin amháin!

San ealaín tharraingíomar féin-phortráid bunaithe ar obair Phicasso agus cúbachas. Tharraingíomar leath dár n-aghaidheanna agus leath eile mar aghaidheanna ár dtuistí.



*For a couple of weeks we have been learning about Italy. We have learnt a lot about The Colosseum, The Leaning Tower of Pisa, Venice, Pompeii and Mount Etna. We made 3D Volcanoes using paper maché. We thoroughly enjoyed ourselves.*

*We were investigating the PH levels in some substances in our Science classes this week. We learnt about what happens when an acid and a base are mixed together. A chemical re-action occurs and gases are released. Using vinegar and bread soda, gas was released and a balloon inflated.*

*We drew self-portraits based on Picasso's style, Cubism. We drew one half as our faces and the other half as our parents faces.*



## R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Rinne Rang 6B léitheoireacht agus comhrá faoi mar a chruthaíodh na réaltaí agus na plainéid bunaithe ar sliocht darbh ainm 'How did the Universe Evolve?' . Rinneadar a 'Nebula' féin don ealaín le péint, scuabanna, spoinsí



*Rang 6B read about and discussed the formation of stars and planets based a passage entitled 'How did the Universe Evolve?'. They made their own 'Nebula' during art class using paint, brushes and sponges.*



